| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Rith abhaile!<br>Rith mé abhaile.<br>Bhí mé **ag rith** abhaile.<br>Is breá liom **a bheith ag rith**. | Run home!<br>I ran home.<br>I was **running** home.<br>I like **to run**. |
| | Ól an bheoir!<br>D'ól me beoir.<br>Bhí mé **ag ól** beorach.<br>Ní maith liom beoir **a ól**. | Drink the beer!<br>I drank beer.<br>I was **drinking** beer.<br>I don't like **to drink** beer. |
| | Ná bris na bréagáin!<br>Bhris sé na bréagáin.<br>Bhí sé **ag briseadh** na mbréagán.<br>Níl sé go deas na bréagáin **a bhriseadh**. | Don't break the toys.<br>He broke the toys.<br>He was **breaking** the toys.<br>It's not nice **to break** the toys. |
| **2.** | Inis an fhírinne!<br>D'inis sí an fhírinne.<br>Bhí sí **ag insint** na fírinne. | Tell the truth!<br>She told the truth.<br>She was **telling** the truth. |
| | Oscail an doras!<br>D'oscail mé an doras.<br>Bhí mé **ag oscailt** an dorais. | Open the door!<br>I opened the door.<br>I was **opening** the door. |
| | Ceannaigh na brioscaí!<br>Cheannaigh sé na brioscaí.<br>Bhí sé **ag ceannach** na mbrioscaí. | Buy the cookies!<br>He bought the cookies.<br>He was **buying** the cookies. |
| **3.** | Faigh airgead!<br>Fuair sé airgead.<br>Bhí sé **ag fáil** airgid. | Get [some] money!<br>He got money.<br>He was **getting** money. |
| | Téigh abhaile!<br>Chuaigh sí abhaile.<br>Bhí sí **ag dul** abhaile.<br>Ba chóir duit **dul** abhaile. | Go home!<br>She went home.<br>She was **going** home.<br>You should **go** home. |
| | Tar anuas!<br>Tháinig an madra anuas.<br>Bhí an madra **ag teacht** anuas. | Come down!<br>The dog came down.<br>The dog **was coming** down. |

| | |
|---|---|
| **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
| A: Cad a rinne tú inné? | What did you do yesterday? |
| B: Bhí mé **ag siúl** sa pháirc | I was **walking** in the park |
| agus **ag ól** cupán caife. | and **drinking** a cup of coffee. |
| A: An maith leat siúcra **a chur** | Do you like **to put** sugar |
| i do chuid caife? | in your coffee? |
| B: Ní maith. | No. |
| Is fearr liom caife **a ól** gan siúcra. | I prefer **to drink** coffee without sugar. |
| A: Bímse féin **ag cur** siúcra agus uachtair | I **put** sugar and cream |
| i mo chuid caife. | in my coffee. |
| | |
| **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
| A: Cad a rinne tú sa siopa? | What did you do in the shop? |
| B: Bhí mé **ag ceannach** glasraí don dinnéar. | I was **buying** vegetables for dinner. |
| A: Cad a bhí tú **ag insint** don siopadóir? | What were you **saying** to the shopkeeper? |
| B: Bhí mé **ag insint** an nuacht is déanaí dó. | I was **telling** him the latest news. |
| A: Agus cad a dúirt séisean? | And what did he say? |
| B: Ní dúirt sé rud ar bith. | He didn’t say anything. |
| | |
| **Comhrá 3** | **Conversation 3** |
| A: Cá bhfuil tú **ag dul**? | Where are you **going**? |
| B: Táim **ag dul** abhaile chun airgead **a fháil**. | I’m going home **to get** some money. |
| A: Cad a bheidh tú **ag déanamh** ansin? | What will you be **doing** then? |
| B: Beidh mé **ag teacht** ar ais anseo. | I’ll be **coming** back here. |
| A: An féidir liom **dul** leat? | Can I **go** with you? |
| B: Is féidir, cinnte. | Yes, of course. |
| | |
| **Ceisteanna** | **Questions** |
| An mbíonn tú **ag siúl** sa pháirc go minic? | Do you **walk** in the park often? |
| Cad a bhí tú **ag ól** maidin inniu? | What were you **drinking** this morning? |
| An maith leat siúcra **a chur** i do chuid tae? | Do you like **to put** sugar in your tea? |
| An raibh tú **ag obair** inniu? | Were you **working** today? |
| Cad a bhí tú **ag déanamh** inniu? | What were you **doing** today? |
| Cad ba mhaith leat **a dhéanamh** ar an deireadh seachtaine? | What would you like **to do** on the weekend? |

| | Dúnmharú ar an Dart 1<br>le Ruadhraí Ó Báille | Murder on the Dart 1<br>by Ruadhraí Ó Báille |
|---|---|---|
| 1. | „Ó a dhiabhail!” | “Oh, devil!” |
| 2. | Rith Niall Ó Conaill amach an doras ar nós na gaoithe. | Niall O’Connell ran out the door like the wind. |
| 3. | Bhí sé a leathuair tar éis a hocht agus bhí cúig nóiméad aige chun an *Dart* **a fháil**. | It was half past eight and he had five minutes **to get** the *Dart*. |
| 4. | Bhí a theach ar an tSeanchill síos an bóthar ón stáisiún, ach an mhaidin seo bhí sneachta agus leac oighir gach áit. | His house was in Shankill, down the road from the station, but this morning there was snow and ice everywhere. |
| 5. | Nuair a tháinig sé go dtí bun an bhóthair, bhí an t-oighear an-dona. | When he came to the end of the road, the ice was very bad. |
| 6. | Lean sé air, **ag rith** agus **ag scátáil** go dtí gur shroich sé an stáisiún. | He kept on, **running** and **skating** until he reached the station. |
| 7. | Go tobann, tógadh dá chosa é! | Suddenly, he was swept from his feet. |
| 8. | „Aaaaaaaagh!” | „Aaaaaaaagh!” |
| 9. | Chuaigh a chás suas san aer, agus thit Niall ar a thóin ar an talamh. | His case went up in the air and Niall fell on his bum on the ground. |
| 10. | Bhí áthas air nach raibh aon daoine timpeall. | He was happy that there weren’t any people around. |
| 11. | Sheas sé agus thosaigh sé **ag siúl** arís – go mall an uair seo. | He stood and he began **walking** again – slowly this time. |
| 12. | Ansin, chuala sé an traein, agus thosaigh sé **ag rith**. | Then, he heard the train, and he began **running**. |
| 13. | Ach bhí sé ródhéanach. | But he was too late. |
| 14. | Nuair a shroich sé an t-ardán, chonaic sé na doirse **ag dúnadh** agus an traein **ag imeacht** léi. | When he reached the platform, he saw the doors **closing** and the train **going** off. |
| 15. | „Damnú air!” ar seisean. | „Damn it!” he said. |
| 16. | Tháinig traein eile, agus fuair Niall suíochán gan aon trioblóid. | Another train came, and Niall got a seat without any trouble. |
| 17. | „Huh! Tá gach duine fós sa leaba!” a dúirt sé leis féin. | „Huh! Everybody is still in bed!” he said to himself. |
| 18. | „Is amadán mise agus **teacht** amach maidin mar seo. | „I’m a fool **coming** out a morning like this. |
| 19. | Beidh an scoil dúnta.” | The school will be closed.” |